
# Ag toghadh scoláire na bliana





Bhí toghchán Scoláire na Bliana ar siúl agus bhí an múinteoir ag caint linn faoi. Mhínigh sí na dualgais a bhain leis an phost.  Dúirt sí linn smaoineamh go cúramach roimh vótáil.





Tháinig an lá vótala agus sheas na daltaí i líne. Chuaigh muid suas go dtí an bosca agus chuir muid ár mbileoga vótala isteach.  Bhí an múinteoir ag tabhairt aire don bhosca.





Ansin, thosaigh beirt mhúinteoirí ag obair san oifig. D’oscail siad an bosca agus chaith siad na bileoga amach ar an tábla. Ansin, rinne siad cuntas ar na vótaí.




Bhailigh na daltaí le chéile i halla na scoile.  Bhí cúpla múinteoir agus an príomhoide ar an ardán chun na torthaí a thabhairt. Bhí gach duine iontach ciúin ag fanacht.




Ghlaoigh an príomhoide ainm an bhuaiteora.  Ba í Sandra Ní Cheallaigh scoláire na bliana agus phléasc an seomra le bualadh bos, mar thaitin Sandra le gach duine.




Mhol an príomhoide Sandra go hard.  Bhí a hiompar agus a hobair bhaile i gcónaí go hiontach.  Bhí iontas an domhain ar Sandra.  Ní raibh sí ábalta labhairt, ach bhí sí sásta ar fad.